C/2026/4255

4.8.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12545 — MSI / TARGET COMPANIES)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4255)

1. An 27 Iúil 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Morgan Stanley Infrastructure Inc. ('MSI', Stáit Aontaithe Mheiriceá), atá faoi rialú Morgan Stanley (Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Nicollin SAS ('Nicollin', an Fhrainc), atá faoi rialú Groupe Nicollin (an Fhrainc),

— Société Méditerranéenne De Nettoiement SAS ('SMN', an Fhrainc), atá faoi rialú Groupe Nicollin,

— Nicollin Holding Environnement ('NHE', an Fhrainc), atá faoi rialú Groupe Nicollin,

— Nicollin Eau (an Fhrainc), atá faoi rialú Groupe Nicollin,

— MP3D Groupe (an Fhrainc), atá faoi rialú Groupe Nicollin.

Gheobhaidh Morgan Stanley rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Nicollin, SMN, NHE, Nicollin Eau, agus MP3D Groupe (na 'Sprioc-chuideachtaí') ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá MSI gníomhach i soláthar seirbhísí airgeadais, lena n-áirítear comhairle maidir le bainistiú sócmhainní agus comhairle le haghaidh cistí a infheistíonn i sócmhainní bonneagair,

— tá na Sprioc-chuideachtaí gníomhach in oibriú seirbhísí bainistithe dramhaíola (Nicollin, SMN, NHE) agus in oibriú seirbhísí uisce (Nicollin Eau agus MP3D Groupe).

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12545 — MSI / TARGET COMPANIES

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË